# Antaibheathaigh
## bí freagrach

**Aithnítear anois gur fadhb dhomhanda is ea frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach, sin cumas na mbaictéar seasamh i gcoinne ghníomhú antaibheathaigh. Cuireann frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach srian mór le líon na n-antaibheathach atá ar fáil chun galair a chóireáil.**

Gach bliain, tuairiscíonn 30 tír de chuid an AE/LEE sonraí maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh leis an Líonra Eorpach Faireachais um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (EARS-Net), chomh maith le sonraí faoin tomhaltas frithmhiocróbach chuig an Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Thomhaltas Frithmhiocróbach (EASC-Net). Tá an dá líonra á n-óstáil in ECDC.

Is minic a úsáidtear antaibheathaigh ar bhealach míchuí nó nuair nach bhfuil gá leo i ndaoine agus ainmhithe araon. Is é an gníomh is tábhachtaí a theastaíonn chun moill mhór a chur ar fhorbairt agus scaipeadh baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach ná úsáid antaibheathach a fheabhsú.

Úsáid in ainmhithe

## Tomhaltas antaibheathach

Úsáid i ndaoine

...in ospidéil

Carbaipeineimí

thuairiscigh tíortha laghdú suntasach ar thomhaltas: 0

thuairiscigh tíortha méadú suntasach ar thomhaltas: 6

Ní hionann an tomhaltas antaibheathach i dtír amháin agus i dtír eile.

...sa phobal

Tír ina bhfuil an tomhaltas is airde

Tír ina bhfuil an tomhaltas is ísle

x3.4

## Cineálacha nua antaibheathach

- 1930í: Sulfónaimídí
- 1940í: Béitealachtaim, Aimínglicóisídí
- 1950í: Glicipeiptídí, Macrailídí, Teitricglíní, Clóraimfeineacóil
- 1960í: Linceasaimídí, Cuineolóin, Streipteagraimíní
- 1970í: Trímheitiprim
- 1980í
- 1990í
- 2000í: Ocsasóilidhéanóin, Lipipeiptídí
- 2010í

Díreach seachtó bliain tar éis antaibheathaigh a thabhairt isteach, tá seans ann nach mbeidh antaibheathaigh éifeachtacha ar fáil sa todhchaí in aghaidh roinnt cineálacha baictéar.

## Frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach

- *Streptococcus pneumoniae* – Macrailídí – Frithsheasmhacht 14,6%
- *Staphylococcus aureus* – Meiticillin – Frithsheasmhacht 16,8%
- *Pseudomonas aeruginosa* – Fluara-cuineolóin – Frithsheasmhacht 19,3%
- *Klebsiella pneumoniae* – Ceifileaspóiriní den tríú glúin – Frithsheasmhacht 30,3%
- *Enterococcus faecalis* – Aimínglicóisídí (ardleibhéal) – Frithsheasmhacht 32,2%
- *Escherichia coli* – Aimínipeinicillin – Frithsheasmhacht 57,2%

Faigheann isteach is amach le 25 000 othar bás gach bliain san AE de bharr ionfhabhtú le baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí.

Tarlaíonn frithsheasmhacht go nádúrtha agus forbraíonn sí trí bhrú roghnaitheach, sóchán agus aistriú géine.

Tá costais cúraim sláinte bhreise i gceist de bharr ionfhabhtuithe le baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí san Aontas Eorpach, agus is ionann na costais bhreise sin agus:

**€ 1 500 000 000**

I measc na n-iarmhairtí atá i gceist d'othair ospidéil, bíonn moill ar antaibheathaigh chuí a thabhairt, tréimhse níos faide san ospidéal, costais cúraim sláinte níos airde agus drochthorthaí d'othair.

Má úsáideann tú antaibheathaigh, d'fhéadfadh fo-iarmhairtí a theacht ort, amhail buinneach

NÍ OIBRÍONN antaibheathaigh in aghaidh ionfhabhtuithe ar nós an tslaghdáin nó an fhliú

Lean comhairle do dhochtúra i gcónaí maidir le conas antaibheathaigh a úsáid, agus cathain iad a úsáid

Reáchtáiltear EAAD ar 18 Samhain chun úsáid réasúnach antaibheathach a chur chun cinn. Lean #EAAD

EUROPEAN ANTIBIOTIC AWARENESS DAY

antibiotic.ecdc.europa.eu

# Glac antaibheathaigh go freagrach!

ecdc